Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2026
(OR. en)

7397/26

ENV 249
CLIMA 146
COMPET 341
IND 191
AGRI 191
FOOD 23
PECHE 102
ENER 139
MI 258
ENT 50
MAP 79
RECH 125
FORETS 40

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Márta 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7156/26 + COR 1 |
| Ábhar: | Creat Straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4165ú cruinniú dá cuid, an 17 Márta 2026.

**Creat Straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:

- An Cinneadh maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil[1] agus an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2],
- Na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas:
    - deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe[3];
    - an Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú][4];
    - iarraidh ar ghníomhaíocht i ndáil leis na heolaíochtaí beatha ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais[5];
    - an tábhacht a bhaineann le taighde agus nuálaíocht le haghaidh Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú[6];
    - tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach[7];

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).
[2] 15051/19 + ADD 1.
[3] 8406/23.
[4] 14594/19.
[5] 13323/25.
[6] 13357/25.
[7] 10127/24.

- Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce[8];

- Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030[9];

- fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais[10];

- Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[11];

- geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta[12];

- an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan[13];

- beart a dhéanamh maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach[14].

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI AN MÉID SEO A LEANAS:

- na teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

  - Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach[15];

  - an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[16];

  - Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[17];

  - Plean Gníomhaíochta maidir le Tionscal Eorpach na gCeimiceán[18];

  - Úsáid an dúlra chun ullmhú don todhchaí: Borradh a chur faoin mbiteicneolaíocht agus faoin mbithmhonaraíocht san Aontas Eorpach[19].

---

8 14303/25.
9 13984/21.
10 15631/23.
11 12210/20.
12 9153/21.
13 15807/25.
14 10447/18.
15 5785/25.
16 6515/25.
17 6385/25.
18 11459/25.
19 9163/1/24 REV 1.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar spriocanna forbartha inbhuanaithe[20] an chláir agus ar na Straitéisí Náisiúnta don Fhorbairt Inbhuanaithe.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas'[21] mar chéim thráthúil, riachtanach chun iomaíochas, athléimneacht, rath agus inbhuanaitheacht na hEorpa a neartú AGUS É Á AITHINT AICI gur príomhspreagthóir trasearnála é an bithgheilleagar ó thaobh na hinbhuanaitheachta, an fháis ghlais, an taighde, na nuálaíochta agus cruthú post de, agus go bhfuil ról lárnach ag an bpríomhearnáil ó thaobh soláthar bithmhaise inbhuanaithe, slándáil bia agus cothaithe, sábháilteacht bia agus slite beatha na tuaithe a áirithiú, ó thaobh a bheith ag tacú le samhlacha forbartha inbhuanaithe agus táirgthe ciorclaigh agus breithnithe maidir leis an aeráid, an bhithéagsúlacht agus sláinte an duine agus sláinte na n-ainmhithe á gcomhtháthú, agus ó thaobh an comhshaol, lena n-áirítear cáilíocht an uisce agus sláinte ithreach, a chosaint.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar rannchuidiú an bhithgheilleagair inbhuanaithe le hiomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú an tráth céanna AGUS É Á MHEABHRÚ AICI an tábhacht straitéiseach a bhaineann le bithgheilleagar iomaíoch, inbhuanaithe chun aeráidneodracht agus athléimneacht a bhaint amach, chun bithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí gaolmhara éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, chun truailliú nialasach, éifeachtúlacht acmhainní, ciorclaíocht, athléimneacht uisce, slándáil bia agus cothaithe a bhaint amach, agus chun spleáchas ar ábhair agus táirgí iontaise-bhunaithe agus allmhairí díobh a laghdú; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé na critéir inbhuanaitheachta maidir le bithmhais a leagtar amach i reachtaíocht reatha an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus tacú le hiomaíocht chóir le haghaidh táirgí bithbhunaithe.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an fhís maidir le bithgheilleagar inbhuanaithe faoi 2040 agus an fócas ar an nuálaíocht agus ar infheistíochtaí a mhéadú; ar phríomh-mhargaí a thógáil le haghaidh ábhair, táirgí agus teicneolaíochtaí bithbhunaithe; ar sholáthar agus úsáid bithmhaise inbhuanaithe a áirithiú ar fud slabhraí luacha agus leas a bhaint as deiseanna domhanda; agus ról na réigiún agus na gcomhphobal féinrialaitheach maidir le pleanáil agus cur chun feidhme Á AITHINT AICI, gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit.

---

[20] Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: *17 Goals to Transform our World* [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: 17 Sprioc leis an Domhan a Athrú ó Bhonn] | na Náisiúin Aontaithe.

[21] 16071/25.

**CUR CHUN FEIDHME**

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le cur chun feidhme comhleanúnach, intuartha agus tacúil reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus atá ábhartha don bhithgheilleagar, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta, an Comhbheartas Iascaigh, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta, an Rialachán maidir le Táirgí Leasacháin, an Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, an Treoir Réime maidir le Dramhaíl, an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú, an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (ÚTAÚTF), an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, an Dlí maidir le Faireachán Ithreach, an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus an Creat Deimhniúcháin maidir le hAistrithe Carbóin agus freisin na spriocanna a leagtar amach, *inter alia*, sa Straitéis Bhithéagsúlachta, sa Straitéis Foraoiseachta, sa Phlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach 'Ar mhaithe le hEoraip níos glaine', sa Chompás Iomaíochais don Aontas, san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, sa Treochlár um Chreidmheasanna Dúlra, sa Straitéis maidir le hAthléimneachta i Réimse an Uisce, sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan; AGUS É Á MHOLADH AICI tacú le bacainní rialála a bhaint agus comhleanúnachas rialála a áirithiú AGUS TACAÍOCHT Á TABHAIRT AICI don chlár oibre leanúnach maidir le simpliú gan na caighdeáin ábhartha a ísliú, chun ualaí breise riaracháin agus dúbláil bhreise a sheachaint.

2. MOLANN SÍ do na Ballstáit leanúint dá straitéisí náisiúnta agus dá bpleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus iad a nuashonrú ar bhealach atá comhleanúnach le Straitéis Bithéagsúlachta nua an Aontais agus a cuspóirí a chomhtháthú i bpleananna réigiúnacha agus náisiúnta mar shampla Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, Straitéisí Forbartha Fhadtéarmach Náisiúnta maidir le híseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa, Straitéisí Náisiúnta um an Oiriúnú, Pleananna Athchóirithe Náisiúnta, Pleananna Straitéiseacha CBT, Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach agus straitéisí forbartha réigiúnacha; Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Sholáthar Poiblí Glas; leis sin áiritheofar rannpháirtíocht éifeachtach na réigiún agus na bpobal féinrialaitheach i roghnú tionscadal agus i bpleanáil infheistíochta a áirithiú chomh maith lena áirithiú nach mbainfidh an méadú ar an éileamh ar bhithmhais an bonn de chuspóirí caomhnaithe bithéagsúlachta agus athchóirithe dúlra, de shlándáil bia agus cothaithe ná d'acmhainneacht táirgthe fhadtéarmach na n-earnálacha príomhúla.

3. MOLANN SÍ príomhshruthú réiteach bithbhunaithe agus ciorclach ar fud na n-earnálacha ábhartha uile, trí ionadú acmhainní iontaise-bhunaithe a chur chun cinn agus trí úsáid éifeachtúil, inbhuanaithe acmhainní bithbhunaithe agus gníomhaíochtaí bithgheilleagair a thacaíonn le glacadh sa mhargadh, FBManna, gnólachtaí atá i mbun fáis agus gnólachtaí nuathionscanta, agus ag an am céanna fanacht laistigh de theorainneacha pláinéadacha agus de chuspóirí bithéagsúlachta a leagtar amach i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, trí linn charbóin an Aontais a chosaint, an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, agus an éagsúlacht réigiúnach a urramú, i gcomhréir le reachtaíocht agus straitéisí an Aontais maidir leis an ábhar sin.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an t-oideachas cuimsitheach i gcoitinne, an oiliúint agus cláir maidir le hacmhainneachtaí aistrithe eolais; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá feasacht a mhúscailt i measc táirgeoirí príomhúla, oibreoirí eacnamaíocha, comharchumann, údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lucht ceaptha beartas, tomhaltóirí agus an phobail i gcoitinne, agus gur gá faireachán trédhearcach a dhéanamh ar shreabha bithmhaise agus ar thionchair chomhshaoil trí Chóras Faireacháin Bithgheilleagair an Aontais; agus IARRANN SÍ ar fhor-rochtain agus rannpháirtíocht tomhaltóirí neartaithe, ar fhothú acmhainneachta agus ar éileamh na hearnála poiblí a mhéadú trí, *inter alia*, soláthar poiblí glas, chun stíleanna maireachtála agus tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn.

5. IARRANN SÍ go mbeadh margadh aonair iomaíoch ann le haghaidh bithmhais ó fhoinsí inbhuanaithe, táirgí bithbhunaithe agus réitigh chiorclacha bhithbhunaithe san Eoraip chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir ábhair agus táirgí bithbhunaithe agus iontaise-bhunaithe, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na critéir inbhuanaitheachta le haghaidh bithmhaise a leagtar amach i reachtaíocht reatha an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus sásraí faireachais margaidh chun tionchair dhiúltacha a mhaolú, agus na srianta struchtúracha sonracha atá ar réigiúin áirithe, lena n-áirítear na Ballstáit oileánacha, go háirithe infhaighteacht theoranta bithmhaise, ardspleáchas ar an muirthimpeallacht, agus leochaileacht mhéadaithe na n-éiceachóras Á nAITHINT AN TRÁTH CÉANNA, agus GLACANN SÍ UIRTHI FÉIN a áirithiú go ndéanfar na breithnithe sin a chomhtháthú go cuí i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na mbeart ábhartha.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé don straitéis bhithgheilleagair sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí, na réigiún adhaimsire fuar agus réigiún na teorann thoir a chur san áireamh agus bithmhais á húsáid acu agus AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá aici maidir le dícharbónú agus ciorclaíocht sna críocha sin, i gcomhréir le ceanglais inbhuanaitheachta.

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnaimh Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais a chur chun feidhme agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar a cur i gcrích faoi 2028 agus Idirphlé maidir leis an mBithgheilleagar idir an tAontas agus na Ballstáit a chur ar bun.

**NUÁLAÍOCHT AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ**

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an aidhm atá ann an nuálaíocht agus cur in úsáid tionsclaíoch réiteach bithbhunaithe inbhuanaithe a mhéadú, lena n-áirítear trí ghabháil bhithghineach carbóin, bithscaglanna, ardchoipeadh, agus monarú agus próiseáil ábhar bithbhunaithe chomh maith le réitigh atá cliste ó thaobh uisce de; agus TACAÍONN SÍ le saoráidí taispeána treoirghléasra a bhfuil rochtain ag cuideachtaí atá i mbun fáis orthu agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ardán tábhachtach don nuálaíocht i gcónaí iad na gnólachtaí seanbhunaithe agus gur cheart rochtain chomhionann ar dheiseanna forbartha a áirithiú.

9. TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR le deireadh a chur leis na bacainní atá ann ar tháirgí agus réitigh bhithbhunaithe inbhuanaithe agus le ceanglais rialála a shimpliú agus cuspóirí comhshaoil á gcaomhnú ag an am céanna, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE Gníomh I um an mBith-theicneolaíocht atá beartaithe agus Gníomh II an Aontais um an mBith-theicneolaíocht a fógraíodh agus bunú Fhóram Eorpach na Rialtóirí agus na Nuálaithe Bithgheilleagair mar na chéad chéimeanna tábhachtacha chun dlús a chur le húdaruithe agus le rochtain ar an margadh agus chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí a laghdú.

10. MOLANN SÍ go ndéanfaí uirlisí digiteacha agus cuir chuige shonraíbhunaithe a chur i bhfeidhm chun táirgiúlacht agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú ar fud shlabhraí luacha an bhithgheilleagair, agus scileanna gairmiúla agus oiliúint ghairmiúil a fhorbairt i ngach earnáil den slabhra luacha.

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le taighde agus nuálaíocht agus le hiontráil sa mhargadh a chuíchóiriú le haghaidh táirgí bithbhunaithe inbhuanaithe, iomaíochas agus tacaíocht a neartú do FBManna, do chuideachtaí atá i mbun fáis agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

12. AITHNÍONN SÍ na riachtanais mhóra infheistíochta chun go ndéanfaí an nuálaíocht bhithgheilleagair agus úsáid na tionsclaíochta inbhuanaithe a mhéadú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dtuarascálacha Letta agus Draghi chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, chun a neamhspleáchas straitéiseach a neartú agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna, agus chun dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí straitéiseacha chun an t-aistriú chuig patrúin táirgthe agus tomhaltais chiorclacha inbhuanaithe atá in-athnuaite agus saor ó iontaise a chothú.

13. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún leanúint den nuálaíocht is gá maidir le táirgeadh inbhuanaithe bithbhunaithe a mhaoiniú ar fud an tslabhra luacha agus rannchuidiú le hinfheisteoirí a mhealladh agus rioscaí infheistíochta a ísliú trí ionstraimí airgeadais cumaiscthe a shlógadh agus tríd an gcomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a neartú, lena n-áirítear tríd an nGrúpa um Chur in Úsáid Infheistíochta Bithgheilleagair; agus IARRANN SÍ go mbeadh ionstraimí airgeadais láidre de chuid an Aontais ann chun an riosca a laghdú d'infheistíochtaí nuálacha inbhuanaithe bithbhunaithe, agus cobhsaíocht fhadtéarmach bhuiséad an Aontais á cur san áireamh ag an am céanna, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ ról an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach maidir le tacú leis an nuálaíocht agus le huas-scálú.

14. TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit feabhas a chur ar an rochtain ar chaipiteal fiontair príobháideach ag céim luath agus ag céim dhéanach araon ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, comhoibriú le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh chun infheistíochtaí a mhéadú, agus leas iomlán a bhaint as cistí an Aontais atá ar fáil agus as solúbthachtaí státchabhrach atá ann cheana (mar shampla, na rialacha ginearálta maidir le blocdhíolúine, na rialacha maidir leis an aeráid, le fuinneamh agus le státchabhair chomhshaoil agus an bhlocdhíolúine don talmhaíocht) do thionscadail agus d'athchóirithe bithgheilleagair inbhuanaithe; agus a áirithiú go sroichfidh an maoiniú na réigiúin agus na pobail uile go díreach, lena n-áirítear oileáin, na réigiúin is forimeallaí agus réigiún na teorann thoir.

**MARGAÍ TOSAIGH A FHORBAIRT LE HAGHAIDH ÁBHAR AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ**

15. MOLANN SÍ go bhforbrófaí príomh-mhargaí agus bearta atá dírithe ar an éileamh, lena n-áirítear soláthar poiblí glas deonach agus comhghuaillíochtaí deonacha tionscail chun intuarthacht ghnó a neartú, dlús a chur leis an aistriú bithbhunaithe agus tacú le dearadh '*na tionscadail thábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) maidir le bith-theicneolaíochtaí le haghaidh bia agus beatha, ceimiceáin bhithbhunaithe agus ábhair bhithbhunaithe*' agus tús áite a thabhairt, i gcás inar féidir, do tháirgí nuálacha bithbhunaithe sa soláthar poiblí deonach, agus costéifeachtúlacht á cur san áireamh.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach éileamh intuartha a chruthú ar ábhair agus teicneolaíochtaí bithbhunaithe inbhuanaithe chun infheistíocht phríobháideach a scaoileadh agus chun dlús a chur le huas-scálú an mhargaidh; sa chomhthéacs sin, DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún príomh-mhargaí sna hearnálacha a liostaítear sa Straitéis a shainaithint agus a neartú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, gur gá aghaidh a thabhairt freisin ar earnálacha breise, mar shampla coisbheart agus teicstíl, corc, roisíní nádúrtha, laíon agus páipéar, snáithíní nádúrtha, ábhair mhícéiliam-bhunaithe, pacáistíocht snáithín bhithbhunaithe, bithchógaisíocht, réitigh charbóin bhithghineach agus feidhmeanna bithgheilleagair mhuirí agus ghoirm, go háirithe i réigiúin oileánacha, chósta agus uisce intíre na mBallstát, agus MEABHRAÍTEAR DI ag an am céanna nach mór táirgí bithbhunaithe, go háirithe i gcás plaistigh bhithbhunaithe a d'fhéadfadh an tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú i gcomparáid le plaistigh thraidisiúnta, a mheasúnú i gceart, a fhoinsiú go hinbhuanaithe, agus a úsáid, a thaisceadh, a bhainistiú agus a dhearadh don chiorclaíocht.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta atá dírithe ar an éileamh a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí a thabhairt isteach agus ceanglais maidir le hábhar inbhuanaithe bithbhunaithe a dtacaíonn measúnuithe fianaise-bhunaithe leo, agus i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, dreasachtaí deonacha sa soláthar poiblí glas, comhghuaillíochtaí deonacha tionscail agus scéimeanna deimhniúcháin, chun tacú le glacadh luath sa mhargadh agus uas-scálú ábhar agus táirgí bithbhunaithe inbhuanaithe; agus comhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana agus costéifeachtúlacht á n-áirithiú ag an am céanna agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo á seachaint, gan drochthionchar a imirt ar dhaoine, ar ainmhithe ná ar an gcomhshaol.

18. MOLANN SÍ go ndéanfaí anailís ar mheasúnú saolré (MSR), caighdeáin chomhchuibhithe, cóid NACE agus ceanglais feidhmíochta agus mharthanachta, indeisitheachta, in-athúsáidteachta agus in-athchúrsáilteachta a fhorbairt agus a úsáid le haghaidh ábhar agus táirgí bithbhunaithe faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus faoi chreataí beartais ábhartha eile.

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá úsáid éifeachtúil bithmhaise chun slándáil bia agus cothaithe a áirithiú mar ábhar tosaíochta agus éiceachórais agus seirbhísí gaolmhara éiceachórais á gcaomhnú ag an am céanna; MOLANN SÍ, i gcás inarb indéanta, go dtáirgfí táirgí agus ábhair ar luach níos airde lena stóráiltear carbón ar feadh tréimhse níos faide agus lena n-ionadaítear ábhair iontaise-bhunaithe, agus ciorclaíocht, éifeachtúlacht acmhainní agus caomhnú acmhainní nádúrtha, iomaíochas agus laghdú brúnna ar mhargaí éiceachórais agus soláthair bia á n-áirithiú ag an am céanna; agus cascáidiú á chur i bhfeidhm mar threoirphrionsabal, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.

20. TACAÍONN SÍ le siombóis thionsclaíoch a chruthú, trí ardáin, ceantair, gleannta nó tionscnaimh trasteorann agus trasearnála, agus trí mhoil bhithgheilleagair agus bonneagar taispeána a fhorbairt chun go mbeidh FBManna agus nuálaithe in ann ábhair agus táirgí nua inbhuanaithe bithbhunaithe a thástáil agus a mhéadú, agus chun go mbeidh dálaí níos fearr ann do bhraislí trasteorann agus d’infheistíochtaí comhpháirteacha, agus tacaíocht chuimsitheach don saol acadúil, do ghnólachtaí nuathionscanta agus don earnáil thionsclaíoch maidir le taighde agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí, ábhair agus teicneolaíochtaí nua inbhuanaithe bithbhunaithe.

**SOLÁTHAR BITHMHAISE INBHUANAITHE AGUS CIORCLAÍOCHT**

21. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún feabhas a chur ar shonraí agus ar shamhaltú chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht bithmhaise trí dhul i muinín an Lárionaid Eolais um Bithgheilleagar i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht bithmhaise inbhuanaithe i gcomparáid leis an éileamh réamh-mheasta ar bhithmhais san Aontas in 2040.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil soláthar bithmhaise inbhuanaithe ríthábhachtach d’inmharthanacht fhadtéarmach an bhithgheilleagair agus nach mór teorainneacha pláinéadacha agus cuspóirí bithéagsúlachta a urramú agus bithmhais á húsáid, lena gcosnaítear an comhshaol lena n-áirítear cáilíocht an aeir, an uisce agus shláinte na hithreach, agus gur cheart bearta fadtéarmacha a chur chun feidhme go comhsheasmhach chun acmhainneacht táirgthe, sláinte an éiceachórais agus athléimneacht acmhainní a choinneáil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach i reachtaíocht reatha an Aontais chun feidhme go héifeachtúil.

23. IARRANN SÍ ar na Ballstáit bithmhais phríomhúil a úsáid ar bhealach atá tíosach ar acmhainní trí chiorclaíocht a dhéanamh mar cheann de chroíphrionsabail an bhithgheilleagair Eorpaigh, trí chur chun feidhme phrionsabal an réamhchúraim, agus cosc, athúsáid agus athchúrsáil a chur chun cinn, chomh maith le húsáid sruthanna tánaisteacha bithmhaise, lena n-áirítear seachtháirgí, bithdhramhaíl agus iarmhar agus trí fheasacht a mhúscailt maidir le tomhaltas inbhuanaithe, agus sainiúlachtaí náisiúnta agus riachtanais maidir le slándáil an tsoláthair, ceanglais slándála bia agus sábháilteachta bia á n-aithint agus an bhithéagsúlacht agus éiceachórais agus seirbhísí gaolmhara éiceachórais á gcaomhnú ag an am céanna.

24. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe comhtháite talún, foraoise, ithreach, cósta agus uisce chun sláinte éiceachórais agus acmhainneacht tháirgiúil a chothabháil; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá beartais a bhaineann leis an mbithgheilleagar agus le húsáid bithmhaise chun cúrsaí aeráide, comhshaoil agus sláinte an duine a chomhtháthú go hiomlán.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil bithfhuinneamh a tháirgtear go hinbhuanaithe, go háirithe ó dhramhaíl, ó bhithmhais iarmharach agus ar luach íseal, fós ina chomhpháirt thábhachtach de mheascán fuinnimh an Aontais, lena rannchuidítear le slándáil an tsoláthair, le hinacmhainneacht, le neamhspleáchas fuinnimh agus le cuspóirí aeráide, go háirithe i gcás nach bhfuil aon roghanna malartacha dícharbónaithe ann nó nach bhfuil siad indéanta go teicniúil ná go heacnamaíoch, agus riachtanais shonracha fuinnimh á n-urramú ag an am céanna, agus AITHNÍONN SÍ go soláthraítear luach fadtéarmach níos airde le húsáidí ábhartha bithmhaise agus gur cheart go ndíreodh úsáidí fuinnimh ar iarmhair agus ar dhramhaíl, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, agus gur cheart iad a chur in oiriúint do dhálaí áitiúla agus réigiúnacha.

26. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag an earnáil phríomhúil maidir le bithmhais inbhuanaithe a sholáthar agus a phróiseáil a thuilleadh agus IARRANN SÍ go gcruthófaí breisluach laistigh den earnáil phríomhúil trí na hionstraimí cistiúcháin poiblí agus príobháideacha atá ar fáil a shlógadh agus trí bhacainní agus ualaí riaracháin agus rialála a íoslaghdú, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don ghá atá le hionchur bithmhaise inbhuanaithe chun sláinte ithreach agus dí-éilliú láithreán truaillithe a fheabhsú; TACAÍONN SÍ le forbairt dreasachtaí eacnamaíocha le haghaidh feirmeoireacht dheonach carbóin agus gníomhaíochtaí atá dearfach ó thaobh an dúlra de, mar shampla trí Chlub Ceannaitheoirí an Aontais chun éileamh ar bhuanaistrithe carbóin agus ar fheirmeoireacht carbóin a chothú faoi Rialachán CRCF agus faoi Threochlár an Choimisiúin le haghaidh creidmheasanna dúlra; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin atá ann cheana chun tacú leis an earnáil phríomhúil bithmhais inbhuanaithe a sholáthar don bhithgheilleagar.

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cosc ar dhramhaíl, lena n-áirítear cur amú bia a laghdú, ciorclaíocht agus luachshocrú méadaithe seachtháirgí feadh an tslabhra luacha, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí bailiú ar leithligh neartaithe agus soiléireacht dhlíthiúil maidir le dramhaíl in-bhithdhíghrádaithe, chomh maith lena tiontú go hábhar bithbhunaithe agus ceimiceáin bhithbhunaithe, múirín ardcháilíochta, bithghás agus bithmheatán agus bithbhreoslaí eile a chur chun cinn i gcomhréir le critéir RED III is infheidhme, chomh maith le luachshocrú díleáiteáin mar mhalairt ar leasacháin shintéiseacha má dhéantar iad a chóireáil agus a bhainistiú i gceart; agus CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go rannchuidíonn dúnadh an timthrialla cothaitheach agus téarnamh ó shloda séarachais agus úsáid shábháilte agus inbhuanaithe na gcothaitheach atá ann le hathléimneacht chomhshaoil agus eacnamaíoch agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE, faoi réir dianchoimircí comhshaoil agus gan a leathadh a dhreasú, go bhféadfar úsáid rialaithe bithmhaise speiceas plandaí coimhthíoch ionrach atá bunaithe cheana féin agus a liostaítear i Rialachán Uimh. 1143/2014 maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha, chun laíon agus páipéar, snáithíní, fuinneamh a tháirgeadh nó comhdhúile ardluacha a eastóscadh, i gcomhréir le córas na gceadanna agus an údaraithe a leagtar amach in Airteagail 8 agus 9 den Rialachán sin, a mheas mar chuid dá mbainistiú agus dá ndíothú, agus srianta an Rialacháin sin á n-urramú ag an am céanna.

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról straitéiseach atá ag an mbithgheilleagar inbhuanaithe foraoisbhunaithe chomh maith leis an slabhra luacha adhmaid agus táirgí foraoise neamhadhmaid sa bhithgheilleagar ó thaobh fás agus fostaíocht inbhuanaithe, forbairt eacnamaíoch, caomhnú agus athbhunú an dúlra, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide a sholáthar, rannchuidiú le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais, chomh maith le samhlacha gnó ciorclacha agus BÉIM Á LEAGAN AICI ag an am céanna ar a thábhachtaí atá foraoisí mar sholáthraithe seirbhísí éiceachórais agus mar linnte carbóin; IARRANN SÍ go gcuirfí chun cinn an nuálaíocht i mbainistiú inbhuanaithe foraoisí trí úsáid a bhaint as an mbealach is éifeachtúla le haghaidh táirgí ard-bhreisluacha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról atá ag úinéirí agus bainisteoirí foraoise na hEorpa maidir le slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus inniúlachtaí agus sainiúlachtaí náisiúnta na mBallstát á n-urramú go hiomlán.

29. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról straitéiseach na hearnála agraibhia agus a slabhra luacha iomlán mar bhunchloch ó thaobh an tslándáil bia agus cothaithe a áirithiú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá cur ar chumas feirmeoirí páirt éifeachtach a ghlacadh i slabhraí luacha bithgheilleagair breisluacha níos airde, lena n-áirítear trí chomhar, trí phróiseáil áitiúil, trí shlabhraí soláthair gairide agus trí shamhlacha gnó nuálacha; MOLANN SÍ an nuálaíocht agus an bhithmhonaraíocht chun táirgí ardluacha a chruthú ó bhithmhais talmhaíochta gan an tslándáil bia agus cothaithe a chur i mbaol; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá bithgheilleagar inbhuanaithe chun ioncam comhlántach a chruthú le haghaidh feirmeoirí agus chun rannchuidiú le ceantair thuaithe athléimneacha, le hiomaíochas FBManna tuaithe agus le hearnáil na talmhaíochta chomh maith le spriocanna comhshaoil an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá feirmeoirí beaga agus a thábhachtaí atá sé rochtain chothrom ar nuálaíocht agus ar rannpháirtíocht i slabhraí ardluacha a áirithiú.

30. ADMHAÍONN SÍ ról straitéiseach an iascaigh agus an dobharshaothraithe mar cheann de phríomhcholúin an bhithgheilleagair agus an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ na tairbhí a bhaineann leis an earnáil maidir le hacmhainní bitheolaíocha ísealcharbóin in-athnuaite a chur ar fáil a chuireann le slándáil bia agus cothaithe agus le hiomaíochas; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le hearnáil atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus inbhuanaithe lena n-áiritheofar fás inbhuanaithe, aeráidneodracht, athléimneacht uisce agus cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta go leordhóthanach.

31. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá slándáil an tsoláthair intíre agus iomaíocht chóir i margaí bithmhaise agus IARRANN SÍ go ndéanfaí bearta chun slabhraí soláthair bithmhaise a chosaint ar shuaitheadh seachtrach agus inmheánach agus chun FBManna agus próiseálaithe áitiúla a chosaint trí cheanglais chomhréireacha chomhlíonta agus trí rochtain níos fearr ar an margadh.

**GNÍOMHAÍOCHT DHOMHANDA**

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá ról an Aontais mar phríomh-chomhpháirtí a neartú maidir le clár oibre domhanda don bhithgheilleagar inbhuanaithe a mhúnlú agus maidir le trádáil chothrom riailbhunaithe a chur chun cinn; lena n-áirítear saoriomaíocht chóir a chur san áireamh chun allmhairí éagóracha agus neamh-inbhuanaithe a sheachaint agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú.

33. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR BHUARTHA DI an díghrádú forleathan comhshaoil, leis an truailliú agus leis an ídiú acmhainní a eascraíonn as cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, as ar eascair damáiste tromchúiseach fadtéarmach d’éiceachórais, do bhonneagar agus do phobail agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé bithgheilleagar de chuid an Aontais a fhorbairt lena bhfeabhsófar an tslándáil, an inbhuanaitheacht, an athléimneacht agus an neamhspleáchas straitéiseach.

34. IARRANN SÍ go mbeadh comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhthairbheacha ann faoin *Global Gateway* chun tacú le hinfheistíochtaí i slabhraí soláthair bithmhaise inbhuanaithe, i malartú eolais agus i gcomhar nuálaíochta le tíortha comhpháirtíochta, agus freisin le haghaidh rochtain ar an margadh domhanda do theicneolaíochtaí agus do tháirgí inbhuanaithe bithbhunaithe an Aontais faoi chomhaontuithe trádála agus faoi idirphlé rialála; agus tús áite a thabhairt don chomhar maidir leis an mbithgheilleagar gorm do réigiúin chósta, oileánacha agus uisce intíre na mBallstát, lena n-áirítear trí chomhordú neartaithe leis na creataí rialachais réigiúnacha atá ann cheana, le coinbhinsiúin maidir le farraigí réigiúnacha agus le coinbhinsiúin maidir le huisce intíre.

35. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé páirt a ghlacadh sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta chomhshaoil agus aeráide, UNEP, FAO, EDT, UNFF, COFFI, an Fóram Idirnáisiúnta um Bithgheilleagar, agus an Painéal Idirnáisiúnta Acmhainní agus i bhfóraim uile-Eorpacha, mar shampla Forest Europe, chun cóineasú a chur chun cinn maidir le creataí inbhuanaitheachta agus dea-chleachtais a mhalartú agus MEABHRAÍTEAR DI an dul chun cinn a rinneadh le Prionsabail G20 maidir leis an mBithgheilleagar (2024), lena spreagtar comhoibriú agus comhar idirnáisiúnta a chothú, trí fhothú acmhainneachta agus comhroinnt dea-chleachtas agus MEABHRAÍTEAR DI freisin Communiqué Deiridh Fhóram Domhanda 2025 um Bia agus Talmhaíocht, go háirithe don earnáil phríomhúil.

36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhar a chothú le tíortha is iarrthóirí, le réigiúin chomharsanachta agus le comhpháirtithe straitéiseacha chun moil bhithgheilleagair athléimneacha a thógáil; agus tacú le tionscnaimh den chomhar idir na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal macrairéigiúnach, mar shampla BIOEAST, trí raon beart cuimsitheach, leanúnach agus tiomnaithe amach anseo uile-Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun réitigh bhithgheilleagair inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur in úsáid i réigiúin a bhfuil ardacmhainneacht bhithmhaise acu; aghaidh a thabhairt ar bhacainní mar shampla bacainní leanúnacha laistigh den mhargadh aonair, iomaíochas na hEorpa a chosaint, a áirithiú go ndéanfar an nuálaíocht a chothú agus a thráchtálú laistigh den Aontas, agus athléimneacht a margaí a neartú, agus uaillmhian an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus gníomhú ar son na haeráide á coinneáil ag an am céanna.